



# Bileog Eolais do Thuismitheoirí

## Information Booklet Gaelscoil Bheanntaí

2023 - 2024

|  |    |
|--|----|
| Fáilte / <i>Welcome</i>  | 4  |
| Stair na Scoile / <i>History of the School</i>   | 4  |
| Mionsonraí Scoile / <i>School Details</i>  | 5  |
| Fís na Scoile / <i>Vision for the School</i>   | 5  |
| Sainmheoin na Scoile / <i>Religious Ethos</i>  | 5  |
| An Bord Bainistíochta / <i>The Board of Management</i>                                   | 6  |
| Comhairle na dTuismitheoirí / <i>Parent's Association</i>                                | 6  |
| Am Chlár na Scoile / <i>School Timetable</i>   | 8  |
| Éadaí Scoile / <i>School Uniform</i>   | 8  |
| Curaclam na Scoile / <i>School Curriculum</i>  | 9  |
| Ábhair & Téacsleabhair / <i>Subjects &amp; Textbooks</i>                                 | 9  |
| Tacaíocht Foghlama / <i>Learning Support</i>   | 9  |
| Oideachas Sóisialta, Pearsanta & Sláinte / <i>Personal Social &amp; Health Education</i> | 10 |
| Caomhnú Paistí / <i>Child Protection</i>   | 11 |
| An Ghaeilge (Tumoideachais) / <i>Irish (Immersion)</i>                                   | 11 |
| Teagmháil idir an scoil agus an baile / <i>Contact between Home and School</i>           | 13 |
| Cruinnithe Múinteoirí-Tuismitheoirí / <i>Parent-Teacher Meetings</i>                     | 13 |
| Cabhair agus tacaíocht tuismitheoirí / <i>Parental help and support</i>                  | 14 |
| Cód Iompair na Scoile / <i>The School's Code of Behaviour</i>                            | 14 |
| An tAcht Leas Oideachais / <i>Education Welfare Act</i>                                  | 16 |
| Neamhfhreastal / <i>Non-Attendance</i>   | 17 |
| Dualgas Aire / <i>Duty of Care</i>   | 17 |
| Cúram Tinnis / <i>Sick Care</i>  | 18 |
| Seirbhísí Sláinte sa Bhunscoil / <i>Health Services in Primary School</i>                | 19 |
| Riachtanais Speisialta / <i>Special Needs</i>  | 19 |
| Polasaí Lón Folláin / <i>Healthy Lunch Policy</i>  | 19 |
| Obair bhaile / <i>Homework</i>   | 20 |
| Leabhair Scoile / <i>School books</i>  | 21 |
| Fón póca / <i>Mobile Phones</i>  | 21 |
| Bréagáin / <i>Toys</i>   | 21 |
| Airgead / <i>Money</i>   | 22 |
| Páirceáil / <i>Parking</i>   | 22 |
| Soilse Tráichta / <i>Pedestrian Traffic Lights</i>                                       | 22 |
| Laethanta Saoire / <i>Holidays</i>   | 23 |
| Bileog Eolais / <i>Information Sheet</i>   | 23 |
| Grianghrafanna / <i>Photographs</i>  | 23 |
| Breithlaethanta / <i>Birthdays</i>   | 24 |
| Turasanna Scoile / <i>School Tours</i>   | 24 |
| Feithidí Gruaige / <i>Head lice</i>  | 24 |
| Aonach Leabhar / <i>Bookfair</i>   | 24 |
| Snámh Rang 2 / <i>Swimming 2<sup>nd</sup> class</i>                                      | 24 |
| Leithreas / <i>Toileting</i>   | 25 |
| Dúnadh na scoile gan choinne / <i>Exceptional closing</i>                                | 25 |
| Árachas / <i>Insurance</i>   | 25 |

|   |    |
|---|----|
| An Nollaig / <i>Christmas</i>   | 25 |
| Lá Spóirt / <i>Sport's Day</i>  | 25 |
| Polasaí Ainmneacha / <i>Name's policy</i>   | 26 |
| Beartas Iontrála & Rannpháirtíochta scoile / <i>Admission &amp; Participation Policy</i>        | 26 |
| Comórtais / <i>Competitions</i>   | 26 |
| Ealaín / <i>Art</i>   | 26 |
| Seodra / <i>Jewellery</i>   | 26 |
| Hataí / <i>Hats</i>   | 27 |
| Uachtar Gréine / <i>Sun Screen</i>  | 27 |
| Am dul a codladh / <i>Bedtime</i>   | 27 |
| Naíonáin Shóisir / <i>Junior Infants</i>  | 27 |
| Tráthnóna Oscailte / <i>Open Afternoon</i>  | 27 |
| Naíonáin Shóisir-ón tús / <i>From the start</i>   | 28 |
| NCCA  | 31 |
| Módh Imeachta i gcás Gearáin / <i>Complaints Procedure</i>                                      | 31 |
| Conas gur féidir le tuismitheoirí cabhrú leis an scoil / <i>How parents can help the school</i> | 34 |
| Frásaí as Gaeilge chun cabhrú leat / <i>Irish phrases to help you</i>                           | 35 |

## **FÁILTE**

Cuirim fáilte is fiche roimh do chlann go Gaelscoil Bheanntaí. Tá súil againn go mbeidh blianta taitneamhacha tairbheacha ag do pháiste linn. Tá an leabhrán seo curtha le chéile chun eolas a thabhairt duit ar an scoil agus chun cabhrú le do pháiste socrú síos linn sa scoil. Má tá aon cheist agat, ná bíodh moill ort dul i dteagmháil linn.

Is mise le meas  
Don Ó Riain  
Príomhoide

## **WELCOME**

*I would like to take this opportunity to welcome your family to Gaelscoil Bheanntaí. We hope that your child will have many enjoyable years while they are here with us. This booklet has been put together to give you information about our school and to help your child to settle in. If you have any further questions please do not hesitate to contact us.*

## **STAIR NA SCOILE**

Is scoil í Gaelscoil Bheanntaí a d'oscail Meán Fómhair 1994 le mhúinteoir amháin agus 18 páiste, mar gur thosaigh coiste tuismitheoirí feachtas chun Gaelscoil a bhunú i mBeanntaí. Bhí an chéad scoil i dTigh Warner i Sráid na Beairice. Bhogamar suas chuig foirgnimh sa Phríomhsráid i Meán Fómhair 2006 agus táimid ag fás agus ag forbairt anseo ó shin. Fuaireamar aitheantas buan ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta i Bealtaine 2006. Fuaireamar foirgneamh buan álainn i Meán Fómhair 2011. Sinne an chéad bunscoil in Éirinn atá tógtha faoi an scéim PPP. Tá thart ar 150 páiste ar an rolla agus tá 6 múinteoir ranga, 2 mhúinteoir tacaíocht foghlamtha, 2 mhúinteoir acmhainne páirt aimsire agus rúnaí lán aimsire againn.

Tá dhá éiteas ag an scoil, Éiteas lán-ghaeilge agus Éiteas Caitliceach.

Feidhmíonn an scoil faoi Phátrúnacht an tEaspag Fiontán Ó Gaibhín, Easpag Corcaigh agus Róis.

## **HISTORY OF THE SCHOOL**

*Gaelscoil Bheanntaí opened as a new school in September 1994 with one teacher and 18 pupils. A local committee of parents began a campaign to set up a Gaelscoil in Bantry. The school was first housed in Tigh Warner on Barrack Street. We moved to a building in Main Street in September 2006 and have been growing and developing here since then. We were granted permanent recognition from the Department of Education and Science in May 2006. We got our lovely new permanent building in September 2011. We are the first primary school in Ireland to be built under the Public Private Partnership scheme. We have approximately 150 children on the roll and we have 6 classroom teachers, 2 learning support teachers and 2 part-time resource teachers and a full-time secretary.*

*The school has a dual ethos, the Irish language ethos and the Catholic ethos.*

*The school is under the patronage of The Bishop of Cork and Ross, Bishop Fintan Gavin.*

## **MIONSONRAÍ NA SCOILE – SCHOOL DETAILS**

|                                    |   |
|------------------------------------|---|
| Ainm / Name                        | Gaelscoil Bheanntraí                            |
| Seoladh / Address                  | An Seisceann, Beantraí, Co. Chorcaí<br>P75 VE44 |
| Gutháin / Telephone                | 027/51966                                       |
| Suíomh / Website                   | www.gaelscoilbheanntrai.ie                      |
| Ríomhphost / Email                 | info@gaelscoilbheanntrai.ie                     |
| Príomhoide / Principal             | Don Ó Riain                                     |
| Leas Príomhoide / Vice Principal   | Cristín Ní Chróinín                             |
| Rúnaí na Scoile / School Secretary | Deirdre Uí Mhurchú                              |

### **FÍS SCOILE GHAELSCOIL BHEANNTRAÍ**

- Go bhfásfaidh is go bhforbróidh sé mar ionad oideachais den scoth
- Go bhfeicfead na páistí mar dhaoine indibhidiúil in ár slite múinteoireachta; agus go bhfágfaidh siad Rang a Sé muiníneach, sona, freagrach agus ábalta obair go neamhspleách ag barr a gcumais; agus go mbeadh suim múscaillte iontu i gcaithimh aimsirí eile chomh maith
- Go ndéanfaí forbairt ar an dá éiteas scoile – Gaelach agus Caitliceach agus go bhforbrófar ár nascanna idirnáisiúnta ionas go mbeidh gach éinne sa scoil bródúil as a dteanga, a gcultúr agus as a n-oidhreacht
- Go mbeadh an scoil mar phobal foghlama agus forbartha do pháistí, don fhoireann, agus don phobal scoile iomlán.
- Go mothódh an fhoireann go raibh ard mheas orthu dá gcuid oibre dhian, go mbeadh áthas orthu a bheith ag obair sa scoil, agus go mbeadh forbairt leanúnach pearsanta agus gairmiúil ar fáil dóibh.

### **VISION FOR GAELSCOIL BHEANNTRAÍ**

- *That our school will grow and develop into a centre of excellence in education*
- *That children will be seen as individuals in our teaching methods and that they will leave 6th class as confident, happy, responsible students who can work independently to their best ability and that they will have other interests and hobbies also.*
- *That the dual school ethos-of the Irish language and Catholicism be developed, and that the international elements of the school be developed so that all at the school will be proud of their language, culture and heritage.*
- *That the school will create a culture of learning and development for the children, staff and the entire school community.*
- *That the staff will feel highly respected for their diligent work, and that the school will be a happy place to work where there will be further personal and professional development available to them.*

### **SAINMHEOIN NA SCOILE**

Cé go bhfuil éiteas Caitliceach ag an scoil (leantar an cúrsa 'I nGrá Dé'), fáiltimid roimh páistí d'aon chreideamh.

Is gnách don sagart cuairt a thabhairt ar an scoil. Réiteofar na páistí do na sacraimintí le linn am scoile.

## **SCHOOL'S RELIGIOUS ETHOS**

*The school has a Catholic Ethos (Grow In Love being the religion programme), but we welcome children of other beliefs.*

*It is usual for the Priest to visit the school. Children are prepared for the sacraments during school hours.*

## **AN BORD BAINISTÍOCHTA**

Is é an Bord Bainistíochta atá freagrach as bainistiú díreach na scoile. Tá ochtar mball ar an mBord, mar a leanas:

- Cathaoirleach ainmnithe ag an bPátrún
- Ionadaí eile ainmnithe ag an bPátrún
- An Príomhoide
- Múinteoir amháin eile roghnaithe ag an bhfoireann mar ionadaí foirne
- Beirt thuismitheoirí (athair amháin agus máthair amháin) a bhfuil páiste acu sa scoil, roghnaithe ag tuistí na scoile.
- Beirt ionadaithe de chuid an phobail

Tá an Bord Bainistíochta freagrach as an scoil agus is í an Príomhoide atá i gceannas ar reáchtáil laethúil na scoile. Oibríonn an Bord mar Aonad Corpartha mar sin níl baill an Bhoird ann mar ionadaí ar na grúpaí éagsúla, ach mar ghrúpa a fheidhmíonn le chéile ar son na scoile.

Maireann an Bord ar feadh ceithre bliana. Déantar gnó an Bhoird i gconáí trí Gaeilge.

## **THE BOARD OF MANAGEMENT**

*The Board of Management is responsible for the direct management of the school. The Board is made up of eight members as follows:*

- *Chairman, nominated by the Patron*
- *Another nominee from the Patron*
- *An Príomhoide*
- *One other teacher, chosen by the teachers as staff representative*
- *Two parents of children enrolled in the school (one father and one mother) chosen by the parents of the school*
- *Two persons from the community.*

*The Board of Management is responsible for the running of the school and the Principal is responsible for the day-to-day management. The Board works as a unified group formed from people from different sections of the school community, but not there as their representatives.*

*The Board operates for a four year period. All business is conducted through Irish.*

## **COMHAIRLE NA dTUISMITHEOIRÍ**

Tá gach tuismitheoir/caomhnóir ina b(h)all de Cumann na dTuismitheoirí. Bíonn Cruinniú Cinnbhliana ag an gComhairle i bhFómhar na bliana agus toghtar Cumann ann.

Bunaíodh Cumann na dTuismitheoirí na Scoile i Mí Meán Fómhair 2005 le bunú na scoile féin, ar mhaithe leis na tuismitheoirí agus na páistí atá ag freastal ar Ghaelscoil Bheanntaí.

Is leas páistí na scoile atá mar chroílár an Chumann. Comhoibríonn Cumann na dTuismitheoirí le Foireann na scoile agus leis an mBord Bainistíochta chun Pobal Scoile leathan a chothú.

Tá ceithre aidhm thábhachtach ag Cumann na dTuismitheoirí.

1. Páirtíocht agus comhoibriú a chothú idir Thuismitheoirí, Mhúinteoirí agus an Bord Bainistíochta ar mhaithe le hoideachas agus forbairt leanúnach na bpáistí.
2. Tuairimí na dTuismitheoirí a chur in iúil taobh istigh den scoil agus do ghrúpaí taobh amuigh, m.sh. Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí nó Gaelscoileanna.
3. Tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir le forbairtí sa scoil agus maidir le hathraithe oideachasúla a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar na páistí.
4. Tacú leis an scoil, imeachtaí a eagrú a thacaíonn leis an scoil go sóisialta agus ó thaobh airgid de.

Is bealach an mhaith é seo chun a bheith páirteach i saol na scoile agus chun aithne a chuir ar thuismitheoirí eile. Ní bheadh an scoil in ann leanúint ar aghaidh mar atá gan an tacaíocht airgeadais agus cabhair ón ngrúpa seo agus táimid fíor bhuíoch as a gcuid comhoibriú ar fad.

### **PARENT'S ASSOCIATION**

*Every parent/guardian is a member of Cumann na dTuismitheoirí. In the Autumn, the Comhairle holds it's A.G.M. where the Cumann is elected.*

*Cumann na dTuismitheoirí was founded in September 2005 when the school first opened, for the benefit of parents and children of Gaelscoil Bheanntaí.*

*The wellbeing of the children is central to all the Cumann's activities. Cumann na dTuismitheoirí works in harmony with the school staff and the Board of Management to cultivate the wider school community.*

*Cumann na dTuismitheoirí have four main aims.*

1. *To foster partnership and cooperation between Parents, Teachers and the Board of Management to ensure the continued education and development of the child at school.*
2. *To represent the views of parents within the school and of outside bodies, e.g. National Parents Council or Gaelscoileanna.*
3. *To inform parents of developments in the school and on educational changes which may affect the children.*
4. *To support the school, organising events that support the school in social and financial ways.*

*This is a great way for new parents in the school to get involved and to get to know other parents in the school. Our school would not be able to carry on without the assistance and financial support of this group of people who give most generously of their time and resources. For their continued support and loyalty, we thank them.*

## **AM CHLÁR SCOILE – SCHOOL TIMETABLE**

| Uaireanta Scoile / School Hours   |                            |
|---|----------------------------|
| Naíonáin Shóiseareach & Shinsearach /<br><i>Junior &amp; Senior Infants</i> | 08:50 – 13:30              |
| Rang 1-6 / <i>1<sup>st</sup> to 6<sup>th</sup> Class</i>                    | 08:50 – 14:30              |
| Amanta Sosa – Lunch times   |                            |
| Lón Beag / <i>Small break</i>   | Lón Mór / <i>Big lunch</i> |
| 10:50 – 11:00   | 12:35 – 13:00              |

### **Amantaí Naíonáin Shóisir do Mhí Lúnasa 2023 – Times for Junior Infants August 2023**

|                                 |  |                      |                            |                      |
|---------------------------------|--|----------------------|----------------------------|----------------------|
| <i>*Suas go dtí an 8-9-2022</i> |  | <i>08:50 – 12:00</i> | <i>*Up to 8-9-2022</i>     | <i>08:50 – 12:00</i> |
| <i>*11-09-2022 ar aghaidh</i>   |  | <i>08:50 – 13:30</i> | <i>*11-09-2022 onwards</i> | <i>08:50 – 13:30</i> |

| <b>Éide Scoile - School Uniform</b>   |  |
|---|--|
| <b>Buachaillí</b>   | <b>Boys</b>  |
| Bríste dubhghorm, léine bán, geansaí dearg, bróga dubha scoile le boinn neamh marcála   | <i>Navy trousers, white polo shirt, red jumper, black school shoes with non-marking soles</i>                                      |
| <b>Éadaí Spóirt</b>   | <b>Sports Tracksuit</b>  |
| Éadaí Spóirt scoile dubhghorm agus dearg, léine polo bán, bróga reatha  | <i>Navy and red school tracksuit, white polo shirt and runners</i>   |
| <b>Éide scoile</b>  |  |
| <b>Cailíní</b>  | <b>School Uniform</b>  |
|   | <b>Girls</b>   |
| Bríste/Sciorta/Pirilín dubhghorm, léine bán, geansaí dearg, stocaí dubhghorm nó bán, bróga dubha scoile le boinn neamh marcála. | <i>Navy trousers/Skirt/Pinafore, white polo shirt, red jumper, navy or white socks, black school shoes with non-marking soles.</i> |
| <b>Eadaí Spóirt</b>   | <b>Sports Tracksuit</b>  |
| Éadaí Spóirt scoile dubhghorm agus dearg, léine polo bán, bróga reatha  | <i>Navy and red tracksuit, white polo shirt, runners</i>   |

Caitheann na páistí na héadaí spóirt scoile don lá nuair a bhíonn Corp Oideachas acu. Tá na h-éadaí ar fáil i Siopa Wisemans agus an Children's Shop (Burke's). Is féidir súntanas na scoile a cheannach ón oifig agus a fhuáil ar geansaí dearg ginearálta. *The children wear their school tracksuit on the days they have P.E. The uniform is available from Wiseman's and the Children's shop (Burkes). The school badge is available to buy from the secretary if you want to sew it on a generic v-neck red school jumper.*



## **CURACLAM NA SCOILE**

Is í bunaidhm na scoile ná oideachas lán- Ghaelach a sholáthar do na daltaí i dtimpeallacht shona, shábháilte, eagraithe. Feidhmíonn an scoil faoi rialacha na Roinne Oideachais agus Scileanna do scoileanna náisiúnta. Leanann an scoil Curaclam na Bunscoile ach tugtar tús áite don Ghaeilge i rang na Naíonáin Shóisir. Is í an Ghaeilge teanga na cumarsáide agus na hoibre uile, seachas d'ábhar an Bhéarla. Mar thoradh ar seo iarraidimid ar na tuismitheoirí cinntiú go bhfuil rím/scéalta agus rannta á dhéanamh lena bpáistí sa bhaile chun forbairt a dhéanamh ar an mbéarla ó bhéil.

## **THE SCHOOL CURRICULUM**

*The primary aim of the school is to provide an all-Irish education to the pupils in a happy, secure and organised environment. The school operates under the regulations of the Department of Education and Skills for national schools. The school follows the Primary School Curriculum 1999, although preference is given to Irish in Junior Infants.*

*The language of all communication and work (except for the subject, English) is Irish. We would ask that parents remember to do nursery rhymes/stories and poems at home in English with their child to develop their oral language.*



## **ÁBHAIR AGUS TÉACSLEABHAIR**

Le forbairt an churaclaim, tá riachtanais difriúla ag gabháil leis na téacsleabhair a bheidh in úsáid tríd na scoile. Leis na hathraithe, ach go háirithe i gcur chuige na léitheoireachta, ní bheidh leabhair ranga in úsáid i rith na bliana sna bun ranganna, ach beidh réimse leathan leabhair atá in oiriúint do na páistí á n-úsáid acu. Cuirfidh an scoil na leabhair seo ar fáil agus beidh cíos le n-foc orthu. Beidh sé seo ar an leabhar liosta gach bliain.

## **SUBJECTS AND TEXTBOOKS**

*Curricular development has changed the way textbooks are used throughout the school. This is most noticeable in the teaching of reading. In the Junior Infants class, there is no one class textbook in use, but a large range of suitable books is made available to the children. The school provides these books and there is a rental charge included on the book list for them each year.*

## **TACAÍOCHT FOGHLAMA**

Moltar anois go bhfaighfear cabhair do pháiste sa rang chomh luath agus is féidir, má bhíonn deacracht ar bith acu. Tá an t-áth linn anseo go bhfuil mhúinteoir tacaíochta agus acmhainne lán aimsire againn sa scoil. Is seans atá anseo chun tacú le páistí go bhfuil beagáinín cabhair breise ag teastáil uathu agus chun dúshlán breise a chuir ar fáil do pháistí eile freisin. Uaireanta beidh na múinteoirí seo ag obair le grúpaí beaga rud a chabhraíonn go mór le féin mhuinín agus uaireanta eile beidh sé/sí ag obair taobh leis an múinteoir ranga agus ag obair le ranganna iomlána. Beidh sé/sí ag déanamh scrúdaithe agus triallacha ar na páistí freisin.

Ó Rang 1 ar aghaidh braitheann an tacaíocht a bhíonn ar fáil ar thorthaí na bpáistí sna scrúdaithe caighdeánacha gach bliain. De réir rialacha na Roinne, tá páiste i dteideal tacaíocht foghlama in ábhar má tá siad sa 10ú peirceintíl nó faoi bhun sin.

Má bhíonn cúnaimh feabhais ag teastáil do pháiste, cuirfidh an múinteoir na tuismitheoirí ar an eolas, agus má tá amhras ar thuismitheoirí faoina bpáiste, beidh fáilte rompu teagmháil a dhéanamh leis an múinteoir ranga nó an Príomhoide.

### **LEARNING SUPPORT**

*Early intervention in the classroom is recommended by the Department of Education and Skills. We are very fortunate to have a full time learning support teacher and resource teacher based in our school. This gives us a chance to provide additional support to some children and to provide additional challenges to others. Some times the teachers will work with small groups, which helps children to gain self confidence and at other times he/she will work alongside the class teacher and provide additional support for full classes. He/she will undertake testing and screening with the children also.*



*From First Class onwards, the support available depends on the results of the standardised tests each year. According to the Department guidelines, a child is entitled to learning support in a particular subject if he/she is in the 10th percentile or below.*

*The Learning Support teacher will be working side by side with class teachers helping within the classroom. Should a child require more learning support, the teacher will be in contact with the parents and also, if parents have concerns themselves, they shouldn't hesitate to contact either the class teacher or the Principal.*

### **OIDEACHAS SÓISIALTA, PEARSANTA AGUS SLÁINTE**

Clúdaíonn gné an Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte den Churaclam speictream leathan eolais. Is ábhar aitheanta curaclama é anois. Tagann Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta faoin Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte sa Churaclam aníos. Tá Polasaithe cuimsitheacha curtha le chéile ag coiste déanta de bhaill boird, tuistí agus múinteoirí ar

- Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG)
- Caomhnú Páistí
- Úsáid Substaintí

Tá cóipeanna de na polasaithe seo le feiscint ar ár suíomh idirlíon.

### **SOCIAL PERSONAL AND HEALTH EDUCATION**

A broad spectrum of information is covered under the Social Personal and Health Education aspect of the curriculum. It is now a recognised curricular area in its own right. Relationships and Sexuality Education is part of Social, Personal and Health Education. Comprehensive policies under the following headings have been put together by a committee consisting of Board members, Parents and Teachers.

- Relationships and Sexuality Education (RSE)
- Child Protection
- Substance Use

Copies of these policies are available for viewing on our website.

## **CAOMHNÚ PÁISTÍ**

Sa lá atá inniu ann, tá eolas ag gach éinne ar na fadhbanna a bhaineann le mí-úsáid páistí, mí-úsáid tríd neamhchúram, go mothúchánach, go fisiciúil, nó go gnéasach. Tá freagracht ag gach duine againn páistí a chaomhnú agus deir na Treoirínte Náisiúnta, Children First, go bhfuil na múinteoirí, a thugann príomhaire do na páistí taobh amuigh dá mbailte féin, i suíomh mhaith chun comharthaí mí-úsáide a thabhairt faoi deara agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu.

De bharr seo, d'fhoilsigh an Roinn Oideachais & Scileanna Treoirínte agus Cur Chuige um Chaomhnú Páistí do na scoileanna faoi chúrsaí chaomhnú agus cúraim páistí. D'fháiltigh na scoileanna roimh na Treoirínte mar go gcuireann siad cúram agus sábháilteacht na bpáistí chun cinn.

Ghlac Bord Bainistíochta na scoile seo leis na Treoirínte seo mar pholasaí scoile. Mar sin, má tá amhras ar bhall den bhfoireann scoile, go bhfuil mí-úsáid á dhéanamh ar pháiste, tá dualgas ar an scoil an cas a chuir ós comhair an Bord Sláinte. Tá na múinteoirí go léir daoine faoi shainordú. Fiosróidh an Bord Sláinte an scéal agus tacóidh siad leis an bpáiste atá i gceist. Ag tacú lenár bpolasaí, déantar an clar Bí Sábháilte sa scoil.



## **CHILD PROTECTION**

*In recent years, as a society, we have become very aware of the problem of child abuse through neglect, emotional, physical or sexual abuse. The Children First guidelines promote the safety and welfare of all children.*

*In response to this, the Department of Education & Skills published Guidelines & Procedures for all schools in relation to child protection and welfare. These guidelines promote the safety and welfare of all children and are to be welcomed.*

*The Board of Management of Gaelscoil Bheantraí has adopted these guidelines as school policy. Consequently, if school staff suspect or are alerted to possible child abuse they are obliged to refer this matter to the Health Service Executive (HSE). All teachers are now mandated people. The HSE will then assess the situation and provide support for the child concerned. We do the Stay Safe Programme in the school which supports this policy.*

## **AN GHAELGE/TUMOIDEACHAS**

Is scoil Lán-Ghaeilge í Gaelscoil Bheantraí. Is í an Ghaeilge an teanga cumarsáide tríd na scoile agus an teanga teagaisc i ngach ábhar seachas Béarla. Úsáidtear an Ghaeilge mar theanga caidrimh idir baill foirne agus na daltaí, agus idir na daltaí iad féin chomh luath agus is féidir.

Tumoideachas iomlán atá ar siúl sa scoil. Mar sin ní bhíonn Béarla ar bith ar siúl i Naíonáin Shóisearacha. Tosaítear ar an mBéarla tar éis briseadh na Samhna i Naíonáin Shinsearacha. Ní hionann easpa Béarla sna Naíonáin agus easpa scileanna, mar go múintear na scileanna réamhléitheoireachta agus fónólaíochta sa Ghaeilge ó thús. Aistríonn na scileanna ó theanga go teanga go héasca, agus nuair a thosaíonn na páistí ag déanamh Béarla mar ábhar, tá siad ullamh tabhairt faoin léitheoireacht.

Tá sé mar aidhm againn atmaisféar Gaelach a chruthú sa chaoi go mbeidh na páistí in ann an teanga a shealbhú agus an caighdeán a bhaint amach chun gach gné den churaclam a dhéanamh trí Ghaeilge (seachas Béarla).

Iarrfaimid ort an méid Gaeilge atá agat a úsáid agus tú ag labhairt linn. Tugann sé seo teachtaireacht dearfach i dtaobh na teanga do na páistí.

Níl an scoil buartha faoin gcaighdeán Gaeilge atá agat. Ní chuireann botún nó easpa foclóra isteach orainn.

Tá sé i gceist againn atmaisféar cairdiúil a chruthú sa chaoi go léireofar meas ar aon iarracht a dhéantar agus nach mbeadh faitíos ar aon duine an Ghaeilge atá acu a úsáid.

Ciallaíonn an tumoideachais córas ina múintear gach ábhar trí theanga shonraithe amháin, Gaeilge inár gcás.

Is dúshlán mór é do roinnt pháistí agus do Thuistí tabhairt faoin nGaelscolaíocht agus tá sé riachtanach don Phobal Scoile uile go bhfuil tacaíocht iomlán na dtuismitheoirí againn i gcónaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Is cuid lárnach de Chód Iompair na Scoile labhairt na Gaeilge i gcónaí.

Moltaí chun tacú le hobair na scoile:

- ❖ An Ghaeilge atá agaibh a úsáid i gcónaí i dtimpeallacht na scoile, leis na daltaí agus foireann na scoile agus eadraibh féin.
- ❖ Na páistí a spreagadh chun an Ghaeilge a labhairt eatarthu féin taobh amuigh d'am scoile.
- ❖ Míniú do na páistí go minic na fáthanna a roghnaíodh scoil lán Ghaeilge dóibh agus na buntáistí a bhaineann léi.
- ❖ TG4 a úsáid sa bhaile. Tá cartúin iontach ann do pháistí trí mheán na Gaeilge.

### **AN GHAELIGE/ TOTAL IMMERSION**

*Gaelscoil Bheanntraí is an all Irish School. Irish is the language of communication throughout the school, and the language through which all subjects, apart from English, are taught. Irish is spoken at all times between staff and children and between the children themselves as soon as they are able to. We use the Total Immersion process of teaching in the school, so Irish alone is used in Junior Infants. The children begin English after the Halloween break in Senior Infants. The absence of English in Junior Infants does not mean the absence of skills however, as pre-reading skills and Irish phonics are done from the time the child starts school. The skills transfer easily from one language to the next, and when the child begins English as a subject, he/she is ready to learn to read.*

*It is our aim to create an Irish language atmosphere in the school, so that the children will not merely acquire the language, but achieve a standard which will enable them to study every subject through the medium of Irish (except, of course, English).*

*We encourage you to use the Irish that you know when you meet with us, thereby giving a positive attitude towards the language to the children.*

*The school is not concerned with the amount of Irish or the standard of Irish you have. We are not concerned with mistakes or lack of knowledge, nor are we here to correct parents.*

*We hope to create a very friendly atmosphere in the school, so that any attempt made to use Irish will be respected and welcomed. Please do not be afraid to use any Irish that you have. Immersion education (tumoideachais) means that pupils learn all subjects through the medium of a designated language, Gaeilge in our case.*

*Starting education in a Gaelscoil is a big challenge for many children and parents and it is vital for the school community that the school has the full support of all parents in promoting the Irish language. Speaking Irish at all times is central to the school's behaviour policy.*

*Recommendations to support the work of the school:*

- ❖ Use any Irish you have in the vicinity of the school, to pupils, staff and amongst yourselves.
- ❖ Encourage the children to speak Irish amongst themselves outside of school hours.
- ❖ Speak often to the children about the reasons you chose a Gaelscoil for them and the advantages that go with it.
- ❖ Watch TG4 at home. There are marvellous cartoons in Irish for children morning and afternoon.



## **TEAGMHÁIL IDIR AN SCOIL AGUS AN BAILE**

Labhróidh an múinteoir ranga leat má tá sé/sí buartha faoi do pháiste agus iarraidimid ort an rud céanna a dhéanamh linn. Múna dtagann tú féin chun na scoile cuir glaoch ag lorg coinne nó cuir nóta isteach ag míniú. Gach mí cuirtear féilire ar maidir le nithe tábhachtacha scoile. Cuirtear nótaí eile amach trí ríomhphost nó scríofa mar is gá. Is fíu mála do pháiste a sheiceáil gach lá chun cinntiú go bhfuil tú suas chun dáta le nuacht na scoile. Cuir ina luí ar do pháiste cur i gcuimhne duit má tá nóta aige/aici sa mhála.

Na laethanta seo, seoltar téacsanna/ríomhphostanna amach in ionad nótaí go minic.

Cuirfear an Nuachtlitir/Féilire suas ar chomh gar do thús na míosa agus is féidir.

Is gá cinntiú i gcónaí go bhfuil na sonraí cearta uasdátaithe againn duit.

## **HOME-SCHOOL CONTACT**

*The class teacher will speak to you about your child if they have any concerns or worries and we would ask that you do the same with us. If you do not come to the school to collect your child, please ring to make an appointment or send in a note explaining the difficulty. Every month a calendar will be put up on our website with important information for parents. Other notes will be sent out through email or in written form as and when required. It is important to check your child's schoolbag every day to ensure that you are up to date with all the school news. Please explain to your child/children the importance of giving you all school notes. These days texts/emails are often sent out instead of notes.*

*Newsletters/calendars are put up on as close to the start of the month as possible.*

*Please ensure that the school always has your up-to-date details.*

## **CRUINNITHE MÚINTEOIRÍ -TUISMITHEOIRÍ**

Cuirtear iad seo ar bhun gach bliain thart ar deireadh Mí Eanáir/Feabhra de gnáth. Tugann siad deis do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairt, oideachas agus scileanna sóisialta an pháiste ar leith.

Taobh amuigh de na cruinnithe seo, bíonn fáilte i gcónaí roimh thuismitheoirí coinne a dhéanamh le múinteoir ranga nó leis an bPríomhoide chun ábhair imní faoina bpáiste a phlé.

Cuirtear tuairisc scríofa abhaile faoi gach páiste i Mí an Mheithimh. Tá cead ag múinteoir/tuismitheoir cruinniú a lorg nuair is gá. Is féidir le tuistí nó an scoil cruinnithe breise a lorg nuair a bhíonn gá leis.

Úsáidtear an tseirbhís text-a-parent go rialta freisin chun rudaí práinneach a chuir in iúl do dhaoine.

## **PARENT-TEACHER MEETINGS**

*These are organised once a year usually in January/February to give parents and teachers the opportunity to review each child's development, education, social skills etc.*

*Outside of these meetings, parents are always welcome to make an appointment to discuss any concerns about their child with the class teacher or the Principal.*

*A written report is sent home for each child in June. Teachers/parents may request a meeting if they feel it is necessary. Further meetings can be arranged at the request of a parent or the school as the need arises.*

*We also use the text – a- parent service to inform people of urgent events.*

## **CABHAIR AGUS TACAÍOCHT TUISMITHEOIRÍ**

Teastaíonn ó thuismitheoirí cabhrú lena bpáistí agus iad ag tabhairt faoina gcuid Oideachais agus fáiltíonn Gaelscoil Bheanntaí roimh an gcabhair seo. Seo iad roinnt moltaí a threoirí sibh in ár dtreo.

1. Tabhair tacaíocht do do pháiste an méid agus is féidir leat le labhairt na Gaeilge. Dá laghad do chuid Gaeilge, úsáid í an méid agus is féidir sa bhaile agus i dtimpeallacht na scoile.
2. Tabhair tacaíocht don scoil i gcónaí leis an bpáiste. Má tá deacracht agat leis an scoil, cuir in iúil don scoil é tú féin. Má bhíonn tuismitheoirí ag caitheamh anuas ar an scoil ós comhair a gcuid páistí, téann a leithéid i bhfeidhm go mór orthu. Bíonn tionchar mór ar pháistí ag gach a chloiseann siad óna dtuismitheoirí agus conas mar a deirtear é. Léirítear an tionchar seo uaireanta sa chaoi a n-oibríonn an páiste leis an múinteoir, agus uaireanta sa chaoi go gcuireann sé/sí as don rang.
3. Cuimhnigh air nach gá go mbeadh aon dheacracht ag do pháiste féin leis na hábhair a chothaigh fadhbanna duit féin. Ar ndóigh, má mheabhraíonn tú i gconáí dó/dí, go raibh trioblóid agat le hábhar áirithe, tá seans ann go gcothóidh sé sin deacracht don pháiste.
4. Uaireanta, athraíonn cúrsaí sa suíomh clainne (m.sh. scaradh, bás, tinneas srl) agus bíonn éifreacht aige seo ar iompar/dul chun cinn an pháiste. Tá sé an cabhrach don scoil eolas mar seo a fháil chun cabhrú linn má thagann athrú ar an bpáiste. Beidh aon eolas faoi rún dar ndóigh, agus beimid ábalta cabhrú leis an bpáiste mar go bhfuil tuiscint again ar a s(h)uíomh.

## **PARENTAL HELP AND SUPPORT**

Parents love to assist in their children's formal education and Gaelscoil Bheanntaí welcomes this help. Here are some suggestions to help us all go in the same direction.

1. Support your child's use of Irish whenever possible. However little Irish you have, use it where possible in the home and in the school environment.
2. Support your child's school when speaking to them or in front of them. If there is a problem the school needs to hear it from you. If your child hears you speaking badly of the school, they are influenced by this. They are strongly influenced by what they hear their parents saying and how it is said. This can show itself in school in the way the child works (or not) with the teacher and sometimes in the way a child can disrupt the class.
3. Remember that subjects that caused you difficulty in school may not present a difficulty for your child. If a child is continually reminded that it was a 'problem' for you in the past, it can influence their enjoyment of and participation in a subject.
4. Sometimes, change within a family situation (e.g. separation, bereavement, illness etc.) affect how a child behaves/performs in school. Any information of this nature divulged to the school will be treated confidentially and will help us to understand and assist the child through any difficulties that may arise.

## **CÓD IOMPAIR NA SCOILE**

Is bunscoil lán-Ghaelach Gaelscoil Bheanntaí agus mar sin tá labhairt na Gaeilge an tábhachtach i gcónaí. I Naíonáin Shóisir, mealltar na páistí chun an méid Gaeilge atá ar eolas acu a úsáid aon seans atá acu. Tuigimid nach bhfuil dóthain foclóra acu go léir bheith líofa go hiomlán i Naíonáin Shóisir. Beimid ag súil leo bheith ag cumarsáid trí Ghaeilge go hiomlán i Naíonáin Shóisir ó Oíche Shamhna ar aghaidh.

Is é bunús an Chóid Iompair ná:

- Féinmheas agus meas ar chomhdhaltaí
- Meas ar dhaoine fásta
- Meas ar an nGaeilge
- Meas ar mhaoin agus ar shealúchas

### **THE SCHOOL'S CODE OF BEHAVIOUR**

Gaelscoil Bheantraí is an all-Irish primary school; therefore the use of Irish is always of paramount importance. We encourage the children to use any/all of the Irish they know in Junior Infants at every opportunity. We understand that in Junior Infants most of them will not have sufficient vocabulary to be completely fluent. In Senior Infants we will expect the children to communicate entirely through Gaeilge from the Halloween break onwards.

The Code of Behaviour is based on:

- Respect for self and other pupils
- Respect for adults
- Respect for the Irish language
- Respect for property and possessions

### **Treoirínte ginearálta do dheal-iompar - General guidelines for good behaviour**

*We aim to provide a well-ordered and disciplined environment at Gaelscoil Bheantraí where every child is safe and happy and to provide a curriculum and working atmosphere to help each child develop his/her potential.*

*Rules and regulations have been drawn up to ensure the smooth running of the school and for the safety and protection of children and staff. Some apply directly to children, while others require the co-operation and assistance of parents. However, all, to a greater or lesser extent, require the close co-operation of pupils, parents, teachers and Board of Management. All pupils are expected to behave in a responsible manner both towards themselves and others, showing consideration, courtesy and respect for other pupils and adults. BULLYING OF ALL SORTS, VERBAL AND PHYSICAL, IS UNACCEPTABLE AT ALL TIMES IN THE CLASSROOM, IN THE PLAYGROUND AND DURING ALL SCHOOL- RELATED ACTIVITIES.*

*We want a code of discipline which is deemed fair and seen to be enforced. It should emphasise the positive facets of behaviour and appeal to the child's better nature to encourage an acceptable standard of behaviour. The aim is to develop a sense of responsibility on the part of the pupils for their individual actions and a realisation of the consequences of such behaviour. When pupils misbehave and when sanctions are invoked, they should understand that what they have done is unacceptable. They should also be encouraged to reflect on how they ought to behave in the future.*

### **lompar sa seomra ranga / School Behaviour in the classroom**

*We would hope to create a climate in which pupil's self esteem is nurtured and misbehaviour becomes a less attractive way of getting attention. Pupils should carry out instructions given by the teacher and diligently do the work assigned to them. Written work should be carefully and neatly presented. ANY BEHAVIOUR WHICH DISRUPTS CLASSROOM ACTIVITY IS NOT ACCEPTABLE AS IT INFRINGES ON THE RIGHTS OF OTHERS TO LEARN.*

### **lompar sa chlós / Behaviour in the playground**

*Pupils should recognise and respect the rights of other children in the playground. Any behaviour which is likely to cause injury or offence is not acceptable. To threaten to cause*

*injury is equally unacceptable. If bullying of this nature occurs the pupil should report the matter to the supervising teacher. Bullying behaviour in the playground is not acceptable.*

### **Iompar sa timpeallacht / Behaviour in the school environment**

*For reasons of safety and to minimise accidents, pupils should move around the school in a quiet and orderly manner. Pupils should walk quietly in school environs. Courteous behaviour, e.g. standing back to let adults by at doorways, addressing teachers and adults with respect etc. is expected. Pupils must show respect for school property and for the property of the individual. Recompense is expected to be made by pupil/parent for damage, loss or theft of property. Children are expected to behave properly in their way into and from school and on any school outings or extra curricular activity.*

#### **Luachanna Saothair / Rewards may include:**

1. *Verbal/ written encouragement and praise*
2. *Notification to parents*
3. *Certificate of Merit*
4. *Written record in school files for exceptional behaviour*
5. *Exemption from homework*
6. *Responsibilities in school*
7. *Special privileges*
8. *Small awards*

#### **Smachtbhannaí / Sanctions may include:**

- *The pupil is made aware of the fact that his/her misbehaviour is unacceptable.*
- *The pupil may receive a verbal reprimand from the teacher.*
- *Parents may be notified.*
- *Badly presented work may have to be re-done.*
- *The seating arrangements in class may be changed.*
- *A pupil may be temporarily separated from class group.*
- *A pupil may be detained or confined to a certain area during break- time.*
- *Loss of privileges.*
- *Written record of misbehaviour.*
- *If misbehaviour occurs at break-time or at any other time during the day any member of the teaching staff may impose a sanction and inform the class teacher.*
- *A pupil may be referred to the principal.*
- *Parents may be called to the school to discuss the child's behaviour with a view to helping the child overcome the difficulty.*
- *Suspension.*
- *Expulsion*

Is féidir breathnú ar an gCód Iompair agus Polasaí Frithbulaíochta ar ár suíomh idirlíon

*The Code of Behaviour and Anti-Bullying Policy is available to view on our website.*

### **AN tACHT LEAS OIDEACHAIS**

Tháinig an tAcht Oideachais i bhfeidhm i mí Iúil 2002. Dá réir, tá dualgas anois ar phríomhoidí scoile an tOifigeach Leas Oideachais a chur ar an eolas i gcás aon pháiste a bhíonn as láthair ar feadh 20 lá in aon bhliain scoile. Is gá GACH asláithreachta a chur in iúil don scoil i bhfoirm scríofa. Sa chás go mbeidh an scoil ag déanamh teagmháil le hOifigeach Leas Oideachais, cuirfear tuismitheoirí an pháiste ar an eolas. Ní mholann an scoil páiste a thógáil amach i rith na bliana le dul ar laethanta Saoire. Cuireann sé isteach ar leanúnachas na hoibre.



Iarrtar oraibh na páistí a thabhairt ar scoil in am. Cabhraíonn sé leo socrú síos agus má bhíonn siad déanach cailleann siad amach ar cad atá ar siúl sa rang. Má thagann siad tar éis glaoch an rolla (9.50r.n.), beidh siad marcáilte in easnamh don lá agus tá impleachtaí aige seo don 20 lá mar atá thuas.

### **EDUCATION WELFARE ACT**

*The Education Welfare Act was enacted in July 2002. Principals are now required by law to inform the Education Welfare Offices of children who are absent for 20 days or more. ALL absences must be communicated to the school in writing. In the event of the school contacting the Education Welfare Officer the child's parents will be informed by the school. The school advises against taking children out of school during term time as it disrupts the continuity of work in the classroom.*

*We ask that you bring the children to school on time. It helps them settle down and when they are late they miss out on what has been going on in class. If they arrive after the roll has been called (9.50 a.m.), they will have been marked absent for the day. This would have implications in light of the 20 days mentioned above.*



### **NEAMHFHREASTAL (TINNEAS &RL.)**

Mura féidir le do pháiste freastal ar scoil ar chúis éigin, ba chóir scéal a sheoladh chun na scoile roimh 9.30 r.n. ar an gcéad mhaidin neamhfheastail. Ar fhilleadh ar ais chun na scoile arís, ba chóir don pháiste nóta a thabhairt leis/léi ag dearbhú dátaí agus fáth an neamhfheastail.



Moltar go láidir gan páiste a thógáil as an scoil le gabháil ar laethanta saoire le linn an téarma scoile mar go gcuireann a leithéid as d'obair an tseomra ranga. Má tá socrú déanta páiste a bheith as láthair ba chóir é sin a chur in iúil don scoil roimh ré.

Ní chuireann an scoil obair ar fáil do laethanta saoire do pháistí a théann ar laethanta saoire i rith am scoile.

Má tá do pháiste tinn ar feadh tréimhse, is féidir labhairt leis an múinteoir faoi obair a dhéanamh sa bhaile/san ospidéal leis/léi.

### **NON-ATTENDANCE (ILLNESS ETC)**

*If your child cannot attend school for any reason, you should advise the school by 9.30 a.m. on the first morning of non-attendance. On his/her return to school, your child should also bring a note to confirm dates and reason for non-attendance.*

*It is strongly recommended that children are not taken out of school to go on holiday during term time, as this upsets the work of the classroom. Any planned absence should be notified to the school in advance.*



*The school does not provide schoolwork for children who go on holidays during termtime.*

*If your child is ill for a while, you can speak to the teacher about work for home/hospital to help them keep up.*

### **DUALGAIS AIRE**

#### **UAIREANTA**

Osclaíonn an scoil ag 8:50 r.n. Tá sé tábhachtach go mbeadh na páistí ar scoil in am. Osclaítear an geata coisithe ag 8:50 r.n. Má thagann do pháiste ar scoil roimh 8:40, bíonn ar tuismitheoir a bheith leo go dtí 8:40 r.n. Glacfar leo isteach sa halla ó 8:40 r.n. go dtí 8:50 r.n. Ní ghlacann an Bord Bainistíochta le freagracht do pháistí roimh 8:40 r.n.

Maidir le trácht, má tá tú ag tiomáint isteach chun do pháiste a fhágáil ar scoil, ní féidir páirceáil istigh sa scoil- scaoileann tú amach na páistí, agus imíonn tú láithreach. Má tá tú ag páirceáil taobh amuigh den scoil nó sa charrchlós trasna an bhóthair, bígí béasach agus cloí le rialacha an bhóthair le bhur dtoil. Ná déan páirceáil sa charrchlóis. Tá na spásanna san curtha in áirthe do fhoireann na Gaelscoile. Iarrfaimid oraibh gan páirceáil sa lána bhus atá cois leis an scoil. Don chéad cúpla seachtain, is féidir na Naíonáin Shóisir a thabhairt chuig an seomra ranga go dtí go dtéann siadsan agus na tuismitheoirí i dtaithí ar a saol nua ar scoil.

## **DUTY OF CARE**

### **HOURS**

*The school opens at 8:50 a.m. It is important that the children arrive to school on time. If your child arrives at the school before 8:50a.m., they must be supervised by you their parent until school opens at 8:40 a.m. When this door is opened by a teacher they should walk to the yard or the halla if it is wet which will be supervised by a teacher. The Board of Management does not accept responsibility for the children before 8:40 a.m.*



*If you must drive your child to school, if you drive into the school grounds, children must be dropped off and cars must leave immediately. If you park outside the school, or in the drop off area of the carpark, please be mannerly and follow all rules of the road. Do not park in the carpark as these spaces are reserved for the staff of the school. Please do not park at the buslane beside the school.*

*For the first few weeks in September, the Junior Infants can be brought directly to their classroom until they and you, their parents get used to the routines and procedures at school.*

## **CÚRAM TINNIS**

Iarrtar ar thuismitheoirí bileog eolais a líonadh isteach gach bliain ag tabhairt uimhreacha teagmhála teileafóin agus eolas tábhachtach eile a bhaineann leis an bpáiste.

Déantar gach iarracht teagmháil a dhéanamh le tuismitheoir/caomhnóir má éiríonn páiste tinn ar scoil. Ní ar an scoil atá an fhreagracht páiste a thabhairt abhaile. Ar ndóigh, déanfaidh an scoil a dícheall teagmháil a dhéanamh leis an mbaile a luaithe agus is féidir.

Ní cóir páiste atá tinn a sheoladh ar scoil. Is é polasaí na scoile gan leigheas a riaradh d'aon pháiste sa scoil.

Má tá riocht áirithe ar do pháiste ar nós titeamas, aillirgí nó plúchadh, go mbíonn leigheas ag teastáil doibh i rith am scoile, bíonn ort foirm a líonadh (ar fáil ón oifig) agus a chur ag an mBord Bainistíochta ag lorg cead ón mBord go riarófaí an leigheas do do pháiste sa scoil. I gcás go gceadaíonn an Bord é seo, tá dualgas ar na tuismitheoirí traenáil bliaintúil a chur ar fáil do bhaill foirne chun taispeáint dóibh conas an leigheas a riaradh.

Caithfear an leigheas a thabhairt don scoil agus tá an dualgas ar na tuismitheoirí go bhfuil an leigheas suas chun dáta. Iarrfar ar na tuismitheoirí foirm shlánaíochta a líonadh agus a shíniú freisin (foirm ar fáil ón oifig).

N.B. Má athraíonn tú seoladh nó uimhir gutháin i rith na bliana, tá sé fíorthábhachtach é sin a chur in iúil don scoil.



## **SICK CARE**

*Parents are asked to complete an information sheet each year giving contact telephone numbers and other important information relevant to the child.*

Every effort is made to contact a parent/guardian when a pupil becomes ill at school. It is not the responsibility of the school to bring the child home. Of course, the school will make every effort to contact the child's home as soon as possible.

A sick child should not be sent to school. It is the policy of the school not to administer medication to the children at school.

If your child has a particular condition such as epilepsy, allergy or asthma that may require medication to be administered during school hours, you must fill a form (available from the office) to the Board of Management requesting the Board's permission that the medication be administered. If the Board gives this permission, the parents are responsible for providing annual training for the staff in how to administer the medication.

Medication must be provided and left in school by the parents, and it is the parents' responsibility to ensure that all medication is in date at all times. Parents will also be required to fill in and sign an indemnity form for the school (form in office).

N.B. If you change your address or telephone number during the year, it is vital that you inform the school of your new details.

## **SEIRBHÍSÍ SLÁINTE SA BHUNSCOIL**

Déanann an Bord Sláinte iarracht teacht go dtí gach rang Naíonáin Shóisir chun instealladh breisvoltaire a thabhairt do na páistí go léir. Déantar scrúdaithe éisteachta agus radharc i Naíonáin Shóisir.



## **HEALTH SERVICES IN PRIMARY SCHOOL**

The Health Board aim to give every Junior Infant child Booster Vaccinations. They will undertake hearing and eye tests when in Senior Infants.

## **RIACHTANAIS SPEISIALTA**

Tá sé an-tábhachtach eolas a sheoladh chun na scoile i scríbhinn má tá riachtanais speisialta nó fadhb leighis ag do pháiste, m.sh. fadhb éisteachta, radhairc, asma, diabaetas, titeamas, ailéirge srl.

## **SPECIAL NEEDS**

It is advisable to inform the school in writing if your child has any special needs or medical conditions, e.g. hearing, sight, asthma, diabetes, epilepsy, allergies, etc.

## **POLASÁÍ LÓN FOLLÁIN**

Tá polasaí lón folláin i bhfeidhm sa scoil. 'Sé an príomh cúis leis an bpolasaí seo ná cinntiú go mbeidh an bia atá á n-ithé ag na páistí ag tabhairt dóthain fuinnimh dóibh chun díriú ar a gcuid oibre scoile.

Is gnách do thuismitheoirí lón atá ró-mhór a thabhairt do na páistí. Níl ach 15 nóiméad acu chun an lón a ithé agus moltar duit lón ciallmhar shláintiúil a thabhairt dóibh.

- ❖ Don lón beag, bíonn torthaí nó glasraí amháin ag na páistí.
- ❖ Don lón mór, moltar ceapairí, craicéir, wraps srl a úsáid líonta le liamhás, sailéid, cáis, tuna srl.



Is féidir iógart agus tuilleadh torthaí a bheith sa bhosca lón chomh maith le deoch.

## **HEALTHY LUNCH POLICY**

We promote a healthy eating policy in the school. The primary objective is to ensure that the children's lunches provide the nourishment they need to concentrate on their school work. It is not unusual for children to be given quite a big lunch. Please be advised that only 15 minutes is given for children to eat their lunch and it would be best if each child had a sensible, healthy lunch.

- ❖ For first break, the children only have fruit or vegetables.
- ❖ For lunch, we recommend you include sandwiches, crackers, wraps etc. filled with ham, cheese, salad, tuna etc.

Yoghurt and more fruit could be included along with a drink.

Ní mholaimid:

- criospaí, grán rósta srl
- aon chnónna (de bharr ailéirge)
- deochanna coipeacha
- seacláid d'aon short (fiú i iógart)
- milseáin, guma coganta
- subh

Ní mholtar na nithe thuas mar gur féidir leo cur isteach ar chur chuige an pháiste, ar shláinte agus ar fhiacra an pháiste, agus mar go gcothaíonn siad comórtas agus teannas idir páistí ag am lóin.

An méid sin ráite, ó am go ham i rith na bliana, beidh cead rud beag a thabhairt do chóisir scoile (M.sh. ag deireadh téarma) nó mar dhuais ón mhúinteoir nó Príomhoide. Tá cead rud beag deas ar an Aoine.

Má tá riachtanas bia ar leith, nó col bia ag páiste, ba chóir do thuismitheoirí é sin a chur in iúil i scríbhinn don múinteoir ranga nó do Phríomhoide na scoile.

*We do not recommend:*

- *crisps, popcorn etc.*
- *any nuts (due to nut allergies)*
- *fizzy drinks*
- *chocolate in any form (even in yoghurts)*
- *sweets, chewing gum*
- *jam*

*The above list is not recommended because of the effect they have on concentration, on health and dental grounds and because they tend to cause competition and friction amongst pupils at lunch time.*

*That said, there will be occasions, during the year when children will be permitted to bring a 'treat' (e.g. end of term party), or when the teacher or principal may give out a prize etc. They are allowed a small treat on Friday.*

*If a child has a particular dietary requirement or food allergy, parents should advise the class teacher or the Principal in writing.*

## **OBAIR BHAILE**

Tosaíonn obair bhaile sna Naíonáin Sóisearacha. Go luath sa scoilbhliain, seoltar fillteán obair bhaile leis na páistí ar an Luan agus tugann na páistí ar ais é ar an Aoine. Bíonn an obair bunaithe ar an obair atá ar siúl sa rang agus tugann sé deis don pháiste daingniú a dhéanamh ar an bhfoghlaim mar aon le deis a thabhairt do thuistí léargas a fháil ar a bhfuil ar bun ag an bpáiste ar scoil. Faigheann na páistí litreacha agus focail freisin chun fuaimeanna srl a chleachtadh sa bhaile. Tugtar leabhair beaga dóibh le "léamh" le tuismitheoirí gan brú. Ba mhaith linn go mbeadh taitneamh ag baint le tús na léitheoireachta.

Leanfaidh na páistí orthu ag fáil leabhair nua Gaeilge gach oíche i Naíonáin Shínsir agus tosóidh leabhair Béarla ag teacht abhaile chomh maith níos deanaí sa bhliain.

Moltar go gcaithfear roinnt beag ama ag plé na pictiúir agus ag dul siar ar na focail atá foghlamtha ag an bpáiste ar scoil. Cothóidh sé seo gnáthchúrsa obair bhaile simplí do na páistí ó thus, go háirithe má déantar é ag an am céanna gach lá.

### **HOMEWORK**

*Homework begins in Junior Infants. Early in the school year, a homework folder is sent home on a Monday and the children return it on Friday. This consists of work the children are doing in class and it provides an opportunity for them to consolidate their learning as well as allowing the parents to gain an insight into their children's learning. The children will also get letters and words etc to practise at home during the year. They will get small books to "read" with their parents without pressurising them. We want to encourage a love and enjoyment of reading.*

*The children continue getting Irish books each night in Senior Infants and they get English books also later in the year.*

*We recommend that time be spent with the child discussing the pictures and revising words that the child has learned in school. This will help to establish a simple homework routine for the child early in their school life, especially if it is done at the same time each day.*

### **LEABHAIR SCOILE**

Ceannóidh an scoil na leabhair agus cóipleabhair scoile agus is féidir iad a bhailiú ón oifig i Mí Meitheamh. Iarrtar oraibh iad a chlúdach le contact nó páipéar donn i rith an tsamhraidh. Tá Córas Cíosa againn do leabhair léitheoireachta sa scoil agus táimid ag leathnú an scéim chuig ábhair eile mar a théimid ar aghaidh.



### **SCHOOL BOOKS**

*The school provides the books and parents can collect them in June. Parents are requested to cover the books and copybooks with contact or brown paper during the summer. We use a rental scheme for all our reading books and are expanding the scheme to include other books when we can.*



### **FÓN PÓCA**

Níl cead fón póca ag páiste ar scoil. Tá a thuilleadh eolas le fáil in ár bpolasaí ar fón póca atá ar ár suíomhidirlíon.

### **MOBILE PHONES**

*Mobile phones are not permitted in school. Further information can be found on our policy on mobile phones which can be viewed on our website.*

### **BRÉAGÁIN**

Níl cead ag páistí bréagáin d'aon saghas a thabhairt ar scoil leo. Tá go leor bréagáin againn anseo.



## **TOYS**

*Children should not bring toys of any description to school. We have plenty of toys and games at the school for the children.*

## **AIRGEAD**

Lorgófar airgead do leabhair, turasanna srl i rith na bliana. Má tá fadhb riamh faoi ganntanas airgid, cuir glooch ar an bPríomhoide agus coimeádfar gach rud ráite faoi rún. Tíocfaimid ar réiteach éigin.

## **MONEY**

*The school will look for money occasionally throughout the year (books, trips, etc).  
If there is a genuine problem and it is difficult to provide the money for a trip etc., please contact the Principal in confidence and something can be arranged.*

## **PÁIRCEÁIL**

Ar mhaithe le Sláinte agus Sábháilteacht bhur bpáistí go léir, níl cead ag éinne páirceáil taobh amuigh de gheataí na scoile. Bíonn ar na seirbhísí éigeandála a bheith in ann teacht isteach ag aon am, agus bíonn ar fhoireann na scoile bheith in ann teacht agus imeacht nuair is gá.

Iarrfaimid ar thuistí gan teacht i gcarranna nuair is féidir leo siúl/ rothaíocht srl. Tá sé níos sláintiúla do na páistí agus cabhraíonn sé leis an bhfadhb pairceála taobh amuigh den scoil. Má tá sé riachtanach carr a thabhairt ag an scoil, iarrfaimid oraibh bheith béasach agus cúramach taobh amuigh den scoil/sa charrchlós/ ag na heastáit in aice na scoile. Ní maith linn titim amach le comharsain na scoile.

## **PARKING**

*In the interests of Health & Safety for all your children, no-one may park outside the school gates. Emergency services must always have access to the school, and the staff must also be able to enter and exit when necessary.*

*We encourage parents to walk, cycle etc to school rather than take the car. It is healthier for the children and helps lessen the parking difficulties outside the school. If it is essential to bring the car, we ask that you be mannerly and careful outside the school/ in the carpark/ around the nearby estates. It is important that we do not fall out with the neighbours of the school.*

## **SOILSE TRÁCHTA**

Tá soilse tráchta taobh amuigh den scoil. Iarrfaimid oraibh dea-nós a chothú sna páistí agus an bóthar a thrasnú ag na soilse tráchta.



## **PEDESTRIAN TRAFFIC LIGHTS**

There are traffic lights outside the school. We recommend that you give your child the good habit of crossing the road at the traffic lights.

## **LAETHANTA SAOIRE**

Socrófar laethanta saoire na scoilbliana i mí Meán Fómhair agus seoltar na dátaí chuig na tuismitheoirí chomh luath agus is féidir. Tugtar suas chun dáta iad gach téarma chomh maith de réir riachtanais. Beidh siad ar fáil ar an suíomh idirlíon i rith na bliana.



## **HOLIDAYS**

*The school holidays for the year will be decided in September and parents will be sent a copy of the year's calendar as soon as possible. It will be updated every term as necessary and will also be available on the school website.*

## **BILEOG EOLAIS**

Cuirfear an bileog seo abhaile le líonadh do gach pháiste sa chéad seachtain ar ais. Is anseo go mbeidh tú in ann daoine a ainmniú chun do pháiste a phiocadh suas. Tá sé tábhachtach an fhoirm seo a líonadh ina iomlán agus é a chuir ar ais cuig na scoile a luaithe is gur féidir. Ná déan dearmad cuir in iúl dúinn má athraíonn do sheoladh nó uimhir teileafóin i rith na bliana.

Beidh an scoil ag lorg eolais tábhachtach eile faoi do pháiste chomh maith, mar sin bí cinnte an fhoirm a sheoladh ar ais!

## **INFORMATION SHEET**

*An information sheet will be sent home for every child in the school during the first week of the new term. It is on this form that you will be able to nominate people to collect your child from school. It is very important that you fill the entire form out and return it to the school as soon as possible. Please remember to inform us if you have a change of address or telephone number during the year.*

*The school will also be looking for other important information about your child, so be sure to send back the form!*

## **GRIANGHRAIF**

Glacfar pictiúr de na páistí i mbun imeachtaí scoile chun iad a chuir ar taispeáint timpeall na scoile agus ar shuíomh idirlíon na scoile. Ó am go chéile, cuirtear pictiúr de na páistí sna páipéir áitiúla má tá ócáid speisialta sa scoil. Muna bhfuil tú ag iarraidh go mbeidh do pháiste sna pictiúir seo, inis dúinn. Eagraíonn an scoil cuairt ó ghrianghrafadóir gach ré bliain do gach rang. Seoltar foirm abhaile roimh ré chun tuismitheoirí a chuir ar an eolas agus níl aon bhrú oraibh iad seo a cheannach.

## **PHOTOGRAPHS**

*Pictures will be taken of the children doing school activities to put on display around the school and on the school website. From time to time, the children's pictures may be sent to the local papers if there is a special occasion in the school. If you do not wish for your child to be in these photos please inform the school. The school organises a visit from a photographer every second year to take pictures of each class. Forms are sent home beforehand to inform parents and you are under no pressure to buy these pictures.*



## **BREITHLAETHANTA**

Níl cead ag páistí cuirí cóisire a thabhairt amach ar scoil.

### **BIRTHDAYS**

*Children are not allowed to give out party invites in school.*



## **TURASANNA SCOILE**

Tógann múinteoirí na páistí ar thuras amháin ar a laghad in aghaidh na bliana. Cuirfear nóta abhaile aon am a bheidh turas ag na daltaí chun cead a lorg iad a thabhairt. Ní féidir leis an scoil páiste a scaoileadh ar thuras gan nóta sínithe ag tuismitheoir/caomhnóir.

### **SCHOOL TOURS**

The teachers will bring each class on at least one school trip during the year. A note will be sent home on any such occasion looking for permission. The school cannot allow a child to go on a trip without a signed consent form from a parent/guardian.



## **FEITHIDÍ GRUAIGE**

Má tá gruaig fhada ag aon dalta caithefear é a cheangailt siar. Má tá feithidí gruaige ag do pháiste cuir é seo iúl don mhúinteoir ionas gur féidir linn an scéal a scaipeadh. Coinnigh súil ar ghruaig do pháiste go rialta.

### **HEAD LICE**

If your child has long hair it should be tied back. If your child gets head lice please inform the class teacher (in confidence) so that we can inform the other parents. Therefore, they can then check/treat the infestation without delay. Please regularly check your child's hair.



## **AONACH LEABHAIR**


Bíonn Aonach Leabhar sa scoil gach ré bliain. Tabharfaidh sé seo seans do thuismitheoirí leabhair Gaeilge agus Béarla atá oiriúnach do bhur bpáistí a cheannach. Faigheann an scoil roinnt leabhair ón gComhlacht (suas le 60% den luach a tá caite ar leabhair le linn an aonaigh).

### **BOOK FAIR**

*A book fair is held bi-annually in the school (usually before Christmas). This gives parents a chance to buy books in English and Irish that are suitable for your children. The school receives books up to the value of 60% of what was spent during the bookfair from the company.*

## **SNÁMH**

Téann na páistí ag snámh ó Rang a Dó ar aghaidh ar feadh 6 seachtain tar éis na Nollag de gnáth. Bíonn ar an scoil airgead a lorg ó thuismitheoirí don snámh agus don bhus. Is cuid tábhachtach é seo den curaclam corpoideachais agus mar sin de ní rogha atá i gceist.





## **SWIMMING**

*The children go swimming for 6 weeks from Second Class usually after Christmas. The school charges for the lessons and the bus. Swimming is an important element of the aquatics strand of the physical education curriculum and therefore is compulsory.*

## **LEITHREAS**

Má bhíonn timpiste ag do pháiste ar scoil tabharfar éide glan dóibh. Má tugtar athrú éide dóibh, iarraidimid oraibh é a nigh agus a chuir as ais chugainn.

## **TOILETING**

*If your child has a toileting accident in school they will be given a change of clothes. If your child has been given a change of clothing, we would ask that you wash it and return it to us.*

## **DÚNADH NA SCOILE GAN CHOINNE**

Tarlaíonn sé uaireanta mar gheall ar rudaí nach bhfuil aon neart ag an scoil orthu (cliseadh teasa srl), go mbíonn gá leis an scoil a dhúnadh gan choinne ar fhógra gearr agus le cead an Bhoird Bhainistíochta. Cuirfear scéal den sórt sin abhaile leis na páistí nó an théacs chuig thuismitheoirí.

## **EXCEPTIONAL CLOSING**

*Occasionally, it is necessary to close the school at short notice with the permission of the Board of Management for reasons beyond our control (heating out of order etc.). This type of news will be sent home in a note with the children or by text.*

## **ÁRACHAS**

Tógtar polasaí Árachais amach ar ghach páiste sa scoil. Gearrtár an costas seo ar leabhar liosta na bpáistí.

## **INSURANCE**

*Insurance is taken out for every child in the school. The cost of this will be included on your child's book list.*

## **GEOLCHOIRM NA NOLLAG**

Eagraímid Ceolchoirm nó Aifreann na Nollag gach bliain.



## **SCHOOL CONCERT**

*We hold a Christmas Concert or a Christmas Mass every year.*

## **LÁ SPÓIRT**

Eagraítear lá spóirt bliaintiúil i Mí Bealtaine/ Mí an Mheithimh ag brath ar an aimsir.



## **SPORTS DAY**

*Sports Day is held annually during school hours in May/June, weather permitting.*

## **POLASÁÍ AINMNEACHA**

Tá rogha ag tuismitheoirí má glaotar an fhoirm Ghaeilge d'ainm baiste a bpáistí orthu ar scoil. Úsáidfear an leagan Gaeilge de shloinne an pháiste (má tá leagan Gaeilge aige), tríd na scoile. Iarrfaimid go n-úsáidfí an leagan scoile d'ainm do pháiste ar aon chomhfhreagrais leis an scoil agus ar aon leabhair /cóipleabhair do pháiste.

### **NAMES POLICY**

*It is the parent's choice whether they wish to have their child called by the Irish version of their first name in school. The Irish version of their surname (if there is an Irish version) will be used throughout their time in the school. Please use the school version of your child's name in any correspondence with the school, and on your child's school books and copies.*

## **BEARTAS IONTRÁLA AGUS RANNPHAIRTÍOCHTA NA SCOILE**

Nuair atá do pháiste tosaithe i nGaelscoil Bheanntaí, glactar le deartháireacha agus deirfiúracha atá 4 ar, nó roimh 30ú Aibreán, isteach sa scoil sa bhliain cuí.

### **SCHOOL ADMISSION AND PARTICIPATION POLICY**

*Once your child is attending Gaelscoil Bheanntaí, siblings will automatically be accepted once they are 4 years old on, or before 30th April of the year they are due to commence.*

## **DUAISEANNA**

Is scoil Digiteach sinn agus is scoil Cothú Sláinte sinn. Tá brat scoil gníomhach againn. Tá ár 5ú brat glas faighte againn. Tá ana chuid duaiseanna drámaíochta buaite againn. Tá h-ocht duais Eolaíocht agus Mata buaite againn.

### **AWARDS**

*We are currently holders of a Digital school award, we are a Health Promoting school, we hold an Active school award and we have obtained our 5th Green flag. We have won numerous awards for Drama. We have also received an award of Science and Maths for the past 8 years.*

## **EALÁIN**

Ba cheart go mbeadh sean t-léine sna malaí acu i gcónaí chun a éadaí a shábháil is iad ag déanamh ealaín.

### **ART**

All children should have an old oversized t- shirt in their bags for art activities to protect their clothes.



## **SEODRA**

Tá cead ag daltaí fainne cluaise (stud) amháin a chaitheamh i ngach cluas ach moltar nach gcaithfí iad ar scoil más féidir. Níl cead seodra aghaidh (teanga agus srón san áireamh) a chaitheamh sa scoil. Níl cead bráisléidí, fáinní nó muincí a chaitheamh ar scoil ar bhonn Sláinte agus Sábháilteachta.

## **JEWELLERY**

Children may wear one stud earring only in each ear but we do not recommend that they wear them in school at all. Facial jewellery (nose and tongue) are not permitted. Children may not wear bracelets, rings and necklaces in school for Health and Safety reasons.



## **HATAÍ**

Níl cead ag daltaí hataí a chaitheamh sa seomra ranga.

## **HATS**

Children are not permitted to wear hats in the classroom.

## **LÓIS GREINE**

Iarraimid oraibh cinnte a dhéanamh go bhfuil uachtar orthu ma bhíonn an aimsir te.

## **SUNSCREEN**

We would ask that you remember to put sun screen on your child if the weather is hot.

## **AM DUL A CHODLADH**

Beidh na páistí traochta don chéad cúpla seachtain. Is gá daoibh am dul a luí a shocrú agus cloigh leis. Ní bheidh do pháiste in ann aird a dhíriú ar scoil muna bhfuil siad tar éis oíche mhaith codlata a fháil.

## **BEDTIME**

The children will be very tired for the first few weeks. It is very important that you decide on a specific bed time for your child for school nights and that you stick to this. Your child will be unable to concentrate in class if they have not had a good night's sleep.



## **NAÍONÁIN SHÓISEARACH**

### **Tráthnóna oscailte i Mí an Mheithimh**

Eagraímid tráthnóna oscailte do na Naíonáin nua i Mí an Mheithimh, sula dtosaíonn siad go foirmeálta. Tugann sé seo deis dóibh teacht isteach sa seomra ranga chun é a fheiceáil, súgradh le roinnt bréagáin, agus buaileadh le cairde nua agus roinnt de na muinteoirí.

### **Sula dtosaíonn siad:**

Is féidir leis an gcéad lá ar scoil a bheith an-dian ar an bpáiste agus ar na tuismitheoirí! Má tá sé ar chumas páistí a bheith neamhspleách ar scoil, seans go gcothófar féinmhuinín iontu agus gur fear a bheidh said in ann do shaol na scoile. B'fhéidir go gcabhróid na pointí seo a leanas le do pháiste teacht isteach ar ghnás na scoile níos tapúla:

Cabhróidh sé go mór más féidir leo:

- Cóta agus mála a aithint, oscailt agus a dhúnadh gan stró agus iad a chuir san áit cuí.
- Leithreas a úsáid leo féin, agus cead a lorg chun dul go dtí an leithreas.
- Lámha a ní agus a thriomú tar éis dul ag an leithreas.
- Bréagáin agus cluichí a roinnt le páistí eile agus bheith in ann fanacht lena s(h)eans féin a thógáil.
- Glanadh suas ina d(h)iaidh agus bheith in ann bréagáin srl. a chuir ar ais san áit ceart.
- Ciarsúir a úsáid nuair is gá.

## **JUNIOR INFANTS**

### **School open afternoon in June**

*An informal open afternoon is arranged for Junior Infants every June, before their commencement in September. This allows them the opportunity to view their classrooms and meet some of their new teachers and new friends.*



### **Before they begin**

*A child's first day at school can be traumatic for both the child and the parents! Their ability to be independent at school can help them gain self-confidence and cope better with life at school. The following points may help your child to adapt to the school routine more easily: It would help greatly if they were able to:*

- *Recognise their coat and bag, open and close coats and bags by themselves and put them in the right places.*
- *Use the toilet without help and know how to ask for permission to use the toilet.*
- *Ability to wash their hands and dry them after using and flushing the toilet.*
- *Share toys and playthings with others and 'take turns'.*
- *Tidy up and put away playthings.*
- *Use their hankie when necessary*

### **Ag ullmhú don lá mhór**

Ní dhéanann páiste dearmad ar an gcéad lá ar scoil. Is féidir libh cabhrú chun é a dhéanamh an sona dóibh.

- a) *Labhair leo faoin scoil roimhré go neamhghoirmíúil, ag déanamh tagairt dó mar áit sona ina mbíonn Fáilte mhór rompu ann, agus go mbuailfidh siad le cairde nua ann.*
- b) *Ná úsáid scoil nó múinteoirí mar bhagairt mar go minic cuireann sé seo imní ar pháistí.*
- c) *Muna féidir le do pháiste a chuid iallacha a dhúnadh, tá bróga le Velcro ar fáil.*

### **Preparing for the big day**

*The child's first day is a day to remember for the rest of their lives. You can help to make it a really happy one for them.*

- a) *Tell them about school beforehand, casually, and talk about it as a happy place where there will be a big welcome for them and that they will meet new friends.*
- b) *Don't use school or the teacher as a threat. Though said light heartedly, it can make some children very apprehensive.*
- c) *If your child cannot tie their laces, then Velcro fasteners are a better option.*

### **An Lá Mór**

- ❖ *Ar an gcéad maidin, tabhair do pháiste go dtí an seomra ranga.*
- ❖ *Nuair a thagann siad go dtí an rang, bí chomh neamhchúiseach agus is féidir leat. Buailfidh siad leis an múinteoir agus páistí eile agus cuirfear ag bord iad.*
- ❖ *Nuair a bhíonn lón do pháiste á réiteach agat, smaoinigh an mbeidh an páiste ábalta boscaí lóin nó soithí dí a oscailt agus a dhúnadh go héasca. Tabharfaidh na páistí aon bhrúscair lóin abhaile leo sa bhosca lóin. Tá Polasaí lóin folláin i bhfeidhm sa scoil agus níos déanaí sa leabhrán seo tá liosta de bhia nach bhfuil molta sa scoil.*
- ❖ *Cabhróidh sé linn má fhágann tuismitheoirí an rang chomh tapaidh agus is féidir don chéad lá ar scoil nuair a iarann an múinteoir oraibh imeacht. Tugann sé seo seans níos fearr dó/di socrú síos agus dul i dtaithí ar an tréimse nua ina s(h)aol!*

## **The Big Day**

- ❖ *On the first day, bring your child to the classroom*
- ❖ *When they arrive at the classroom, be as casual as you can. They will meet the teacher and the other children will be shown to their chair.*
- ❖ *When preparing your child's lunch, please consider if the child will be able to open and close food and drink containers easily. The children will bring their own lunch rubbish home with them in the lunch box. We have a healthy lunch policy in the school and there is a list of foods that are not recommended in the school.*
- ❖ *On the first day of school it will help if the parents leave the classroom as quickly as possible when the teacher asks you to leave. This gives him/her a better chance of settling down quickly and adapting to the next new phase of his/her life!*

## **Ag dul abhaile**

1. Bí cinnte iad a bhailiú in am. Is féidir le páiste bheith an-corráithe má mhothaíonn siad go bhfuil siad tréigthe.
2. Fan as radharc go dtí go scaoiltear na páistí.
3. Má tá athrú sa ghnáthamh bailiúcháin, bí cinnte do pháiste agus an múinteoir a chuir ar an eolas faoi.

## **Going home**

1. *Be sure to collect them on time. Children may become very upset if they feel they are forgotten.*
2. *Keep out of view until the children are released.*
3. *If at any time the collecting routine has to be changed ensure you tell the child and the teacher.*



## **Gníomhaíochtaí úsáideacha chun do pháistí a ullmhú don scoil**

1. Dathú
2. Márta/Taos súgartha
3. Gearradh agus greamú
4. Péinteáil



## **Useful activities to help prepare your child for school**

1. Colouring
2. Marla/Playdough
3. Cutting out and sticking
4. Painting



## **Má bhíonn páiste ag caoineadh**

Uaireanta, in ainneoin gach iarracht ó thaobh na tuismitheoirí agus an mhúinteora, is féidir le cúpla páiste beith trí chéile. Má tharlaíonn sé do do pháiste ná buailfeadh driopás tú! Is féidir teacht timpeall orthu le am, foighne agus buanseasmheacht.

## **Handling an upset child**

*In spite of the best efforts of both teacher and parents, a small number of children will still become upset. If your child happens to be one of them, do not panic. In our experience, patience and perseverance works wonders.*

## **N.B. Comhairle**

- a) Bíodh muinín agat as an Múinteoir. Tá sé/sí seiftiúil agus tá taithí aige/aici le bheith ag déileáil le gach sórt fadhbanna sa rang.
- b) Déan iarracht gan do mhothúchain a thaispeáint do do pháiste. Uaireanta bíonn an tuismitheoir níos corraithe ná an páiste agus is as seo a éiríonn imní an pháiste.
- c) Tar éis iarracht a dhéanamh do pháiste a chuir ar a s(h)uaimhneas, fág an rang go tapaidh. Is féidir leis an múinteoir aigne an pháiste a bhaint díot agus iad a mhealladh níos éifeachtaí nuair a bhíonn an tuismitheoir imithe.
- d) Is féidir glaoch a chur tar éis tamaill chun cinntiú go bhfuil rudaí socraithe síos. De shíor bíonn rudaí ciúinithe go maith!
- e) Bí díongbháilte ó thús. Fiú má bhíonn páiste trí chéile, cuir faoi deara dó/di go mbeidh orthu fanacht ar feadh tréimhse gairid ar a laghad. Ní comhair dóibh mothú go bhfuil an lámh in uachtair acu go siceolaíoch.

## **N.B. A Word of Advice**

- a) *Trust the teacher. He/She is experienced and resourceful and is used to coping with all kinds of starting-off problems.*
- b) *Try not to show any outward sign of your own distress. Sometimes the parents are more upset than the child and are the main cause of their anxiety.*
- c) *When you have reassured them, leave as fast as possible. The teacher can distract and humour them more effectively when you are not around.*
- d) *Check back discreetly in a short while by telephone call. You will invariably find that calm has been restored.*
- e) *You must be firm from the start. Even if a child is upset you must insist that they stay for a short time. They must never feel that they are winning the psychological battle of wills.*

## **Gach lá ar scoil**

- Léigh do'd pháiste gach lá. Más fearr leat gan léamh, nó má tá tú mí chompordach ag léamh, inis scéalta do'd pháiste – cinn atá de ghlan mheabhair agat nó cinn faoi d'óige féin.
- Cinntigh go bhfuil oíche mhaith codlata acu. Cabhróidh sé leo diriú níos fearr ar scoil.
- Cinntigh go bhfuil bricfeasta maith ag do pháiste roimh theacht ar scoil. Deirtear gurb é an bricfeasta an béile is tábhachtaí sa lá. Glac le do pháiste mar atá siad.
- Mol aon ghníomhaíochtaí mothúcháin agus smaointí dearfacha.
- Ba cheart do pháiste bheith ag foghlam conas cabhrú agus ba cheart di/dó strúchtúr a bheith aici/aige ina s(h)aol. Tabhair postanna simplí dó/di gach lá (ag scuabadh an urláir srl). Fásann féin mhúinín an pháiste as bheith in ann tascanna beaga a dhéanamh.
- Bíonn spás ciúin ag teastáil ó gach páiste– chun staidéar don scoil nó díreach chun a bheith leo féin. Ní gá go mbeadh spás mór a gceist – déanfaidh cúinne seomra nó spás ag deasc an gnó.

Mar a bhogann am ar aghaidh i rith na bliana, tabharfaidh do pháiste abhaile obair atá déanta acu ar scoil. Caith roinnt ama leo ag dul tríd na hoibre, ag éisteacht lena gcuid scéalta agus á moladh don obair atá ar siúl acu.

## **Ways to help your child every day**

- *Read to your child each day. If you would rather not read, or feel uncomfortable reading, tell your child stories, either ones you know by heart or stories about when you were young.*
- *Make sure they have a good night's sleep. This helps your child concentrate better at*

school.

- *Make sure your child has something to eat before coming to school. According to nutritionists, breakfast is the most important meal of the day.*
- *Accept your child for who they are. Praise your child's positive actions, feelings and ideas.*
- *A child needs to learn how to be helpful and needs to have structure in his or her life. A child should be given simple chores each day (sweep the floor etc). Success with small tasks helps children to gain confidence.*
- *Each child needs a quiet place, to study for school or simply to just be alone. This space doesn't have to be fancy; a corner of a room, or a desk space will suffice.*

*As the year progresses, your child will be bringing homework which they have been doing at school. Take time to examine this work, to listen to their stories and to praise their work.*

## **NCCA**

Tá suíomh iontach ag an NCCA ag [www.ncca.ie](http://www.ncca.ie) a thugann smaointe agus tacaíocht do mhúinteoirí agus tuismitheoirí i rith saol scoile a bpáistí. Is féidir clárú ar an suíomh chun an e-nuachtlitir rialta a fháil.

## **NCCA**

*The NCCA has a great web site at [www.ncca.ie](http://www.ncca.ie) which gives teachers and parents, ideas and support during the children's schooldays. You can register on the site to receive their regular e-newsletters.*

## **MÓDH IMEACHTA I GCÁS GEARÁIN**

### **Réamhrá**

Déanfaidh an Bord Bainistíochta fiosrú foirmeálta ar ghearán faoi mhúinteoir atá i scríbhinn agus atá sínithe ag tuismitheoirí/caomhnóirí dhalta, ach amháin i gcás go gceapann an Bord go bhfuil an gearán bunaithe ar:

1. Cheist inniúlacht ghairmiúil agus gur comhair é a chuir faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna
2. Ghearáin neamhthábhachtach nó ciapálach nach gcuireann isteach ar obair mhúinteora i scoil
3. I gcás go bhfuil ceachtar den dá pháirtí ag úsáid an dlí nó módhanna imeachta eile.

Is féidir gearáin nach bhfuil i scríbhinn a phríoiseáil go neamhfhoirmiúil mar a leagtar amach thíos ag Céim 1.

### **Céim 1**

1. Ba chomhair do thuismitheoir/ caomhnóir atá ag iarraidh gearán a dhéanamh, bualadh leis an múinteoir ranga chun gach iarracht a dhéanamh teacht ar chomhréiteach.
2. Muna thagtar ar réiteach idir an tuismitheoir /caomhnóir agus an múinteoir ranga, ba chomhair dó/di bualadh leis an bpríomhoide chun iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach an fhadhb.
3. Má tá fadhb fós gan bheith réitithe, ba chomhair don tuismitheoir /caomhnóir dul i dteagmhail le chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta chun iarracht a dhéanamh teacht ar chomhréiteach.

### **Céim 2**

1. Má tá fadhb fós ann agus gur mhaith leis an tuismitheoir / caomhnóir leanúint leis an ngearán, ba chomhair dó/di an gearán a chuir i scríbhinn ag cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta.
2. Ba chomhair don Chathaoirleach an múinteoir a chuir ar an eolas faoi cad go díreach atá sa ghearán scríofa, agus iarracht a dhéanamh an deacracht a réiteach idir an dá

pháirtí taobh istigh de cúig lá ón am a thagann an gearán i scríbhinn.

### **Céim 3**

1. Muna féidir teacht ar réiteach neamhfhoirmiúil, ba chomhair don chathaoirleach, le údarás ghinearálta an Bhoird, seachas i gcásanna go mothaíonn an chathaoirleach gur gá údarás áirithe an Bhoird
  - (a) cóip den ghearán i scríbhinn a thabhairt don mhúinteoir; agus
  - (b) cruinniú a eagrú leis an múinteoir, agus má tá sé oiriúnach, leis an bpríomhoide chun teacht ar réiteach an fhadhb.

Ba chomhair don chruinniú seo tarlúint laistigh de 10 lá ón am a fhaightear an gearán i scríbhinn.

### **Céim 4**

1. Má tá deacracht fós ann, ba chomhair don chathaoirleach tuairisc foirmeálta a chuir os comhair an Bhoird taobh istigh de 10 lá ón chruinniú thuasluaite i 3.1(b)
2. Má mhothaíonn an Bord nach bhfuil bunús leis an ngearán, cuirfear an múinteoir agus an gearánach ar an eolas seo taobh istigh de 3 lá ón chruinniú Boid.
3. Má mhothaíonn an Bord go bhfuil bunús leis an ngearán nó gur fiú é a iniúchadh níos doimhne, leantar leis mar a leanas:
  - (a) Ba chomhair an múinteoir a chuir ar an eolas go bhfuil an iniúchadh ag bogadh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile
  - (b) Ba chomhair cóipeanna d'aon fhianaise scríofa a thacaíonn leis an ngearán a thabhairt don mhúinteoir
  - (c) Ba chomhair ráiteas scríofa a lorg ón mhúinteoir don Bhord ag tabhairt freagra ar an ngearán
  - (d) Ba chomhair deis a thabhairt don mhúinteoir a c(h)ás a chuir ós comhair an Bhoird. Tá sé de cheart ag an múinteoir cara a bheith leo agus ag tacú leo ag aon chruinniú den sórt seo.
  - (e) Is féidir leis an Bord cruinniú a eagrú leis an ngearánach má cheapann siad go bhfuil gá leis.  
Tá sé de cheart ag an ngearánaí cara a bheith leo agus ag tacú leo ag aon chruinniú den sórt seo.
  - (f) Tarlóidh na cruinnithe thuasluaite i (d) agus (e) taobh istigh de 10 la den chruinniú luaite i 3.1(b).

### **Céim 5**

1. Nuair a bheidh iniúchadh an Bhoird críochnaithe , ba chomhair don chathaoirleach cinneadh an Bhoird a chuir in iúil don mhúinteoir agus don ghearánaí i scríbhinn taobh istigh de 5 lá ó chruinniú an Bhoird.
2. Glacann an Bord cinneadh críochnaitheach;
3. Déanfar athbhreithniú ar an modh imeachta gearanta seo go bliantúil.

## **COMPLAINTS PROCEDURE**

### ***Introduction***

*Only complaints about teachers which are written and signed by parents/guardians of pupils may be investigated formally by the board of management, except where those complaints are deemed by the Board to be:*

1. *On matters of professional competence and which are to be referred to the Department of Education and Skills;*



2. *Frivolous or vexatious complaints and complaints which do not impinge on the work of a teacher in a school;*
3. *Complaints in which either party has recourse to law or to another existing procedure. Unwritten complaints not in the above categories may be processed informally as set out in Stage 1 of this procedure.*

### **Stage 1**

1. *A parent/guardian who wishes to make a complaint should approach the class teacher with a view to resolving the complaint.*
2. *Where the parent/guardian is unable to resolve the complaint with the class teacher she/he should approach the principal teacher with a view to resolving it.*
3. *If the complaint is still unresolved the parent/guardian should raise the matter with the chairperson of the board of management with a view to resolving it.*

### **Stage 2**

1. *If the complaint is still unresolved and the parent/guardian wishes to pursue the matter further she/he should lodge the complaint in writing with the Chairperson of the Board of Management.*
2. *The chairperson should bring the precise nature of the written complaint to the notice of the teacher and seek to resolve the matter between the parties within 5 days of receipt of the written complaint.*

### **Stage 3**

1. *If the complaint is not resolved informally, the chairperson should, subject to the general authorisation of the Board and except in those cases where the chairperson deems the particular authorisation of the Board to be required:*
  - (a) *supply the teacher with a copy of the written complaint; and*
  - (b) *arrange a meeting with the teacher and, where applicable, the principal teacher with a view to resolving the complaint.*

*Such a meeting should take place within 10 days of receipt of the written complaint.*

### **Stage 4**

1. *If the complaint is still not resolved the chairperson should make a formal report to the Board within 10 days of the meeting referred to in 3.1 (b).*
2. *If the Board considers that the complaint is not substantiated the teacher and the Complainant should be so informed within 3 days of the Board meeting.*
3. *If the Board considers that the complaint is substantiated or that it warrants further investigation it proceeds as follows:*
  - (a) *The teacher should be informed that the investigation is proceeding to the next stage;*
  - (b) *The teacher should be supplied with a copy of any written evidence in support of the complaint;*
  - (c) *The teacher should be requested to supply a written statement to the Board in response to the complaint;*
  - (d) *The teacher should be afforded an opportunity to make a presentation of case to the Board. The teacher would be entitled to be accompanied and assisted by a friend at any such meeting;*
  - (e) *The Board may arrange a meeting with the complainant if it considers such is required. The complainant would be entitled to be accompanied and assisted by a friend at any such meeting;*
  - (f) *The meeting of the board of management referred to in (d) and (e) will take place within 10 days of the meeting referred to in 3.1 (b).*

## **Stage 5**

1. *When the Board has completed its investigation, the chairperson should convey the decision of the Board in writing to the teacher and the complainant within 5 days of the meeting of the Board.*
2. *The decision of the Board shall be final.*
3. *This Complaints Procedure shall be reviewed annually.*

### **CONAS GUR FÉIDIR LE TUISMITHEOIR CABHRÚ LEIS AN SCOIL**

- Labhair Gaeilge le do pháiste agus úsáid aon Ghaeilge atá agat timpeall na scoile
- Ainm do pháiste a scríobh as Gaeilge ar gach rud a bhaineann leis an scoil
- Bí ag comhoibriú leis an múinteoir trí am a chaitheamh le do pháiste ag déanamh obair bhaile
- Taispeáin meas ar fhoireann na scoile
- Ba mhór linn tú agus do theaghlach a fheiceáil ag ócáidí scoile mar shampla imeachtaí do Sheachtain na Gaeilge agus imeachtaí ardú airgid
- Bí in am don scoil agus na turais scoile
- Cuir in iúl don scoil aon athrú a thagann ar do shonraí pearsanta
- Aon scil atá agat a chur ar fáil ar leasa na scoile

### **HOW YOU AS PARENTS CAN HELP THE SCHOOL**

- *Speak Irish to your child and use any Irish you have around the school*
- *Write your child's name as Gaeilge on all school correspondence*
- *Co-operate with the teachers by spending time with your child doing homework*
- *Please show respect to members of staff*
- *We would ask you to attend school events- e.g. events for Seachtain na Gaeilge, fundraising events etc if possible*
- *Be on time for school and outings*
- *Inform the school of any change in relevant personal details*
- *We would warmly welcome parents offering their skills or expertise for the good of the school.*

## Frásaí gur féidir leat a úsáid le do pháiste sa bhaile

### Irish phrases that you can use with your child at home

- Cá bhfuil do mhála? – *caw will duh vaw-la*  
*Where is your bag?*
- Cá bhfuil do bhosca lóin? – *caw will duh vos -ca low-in*  
*Where is your lunch box?*
- An bhfuil d'obair bhaile agat? - *un will duh ub-ir val-eh u-gut*  
*Do you have your homework?*
- Brostaigh! – *brus-tig*  
*Hurry*
- Cuir ort do chríos. – *qui -ir urt duh chris*  
*Put on your belt.*
- Ar ghlan tú do fhiacla? – *err gl-on too duh iak-lah*  
*Did you clean your teeth?*
- Tar anseo. – *tar un-suh*  
*Come here.*
- Ith do bhriceasta. – *ih duh vric-faw-sta*  
*Eat your breakfast.*
- Conas gur éirigh leat inniu? – *kun-us gur i-rig lat in-uv*  
*How did you get on today?*
- An bhfuair tú réal? *Un vure too ray-alt*  
*Did you get a star?*
- Aon scéal? *A-un sh-kale*  
*Any news?*
- Ar ith tú do lón? *Err ih too duh low-in*  
*Did you eat your lunch?*
- Cad atá ar an teilifís? *Cod a-taw err un tel-i-feesh*  
*What's on the television?*
- Téigh a chodladh. *Tay a kul-a*  
*Go to sleep.*
- Maith an buachaill/ cailín. *M-ah un boo-kal/kol-eeen*  
*Good boy/girl.*
- Ná habair sin. *Naw hob-ir shin*  
*Don't say that.*
- Labhair as Gaeilge. *L-ow-ir oss Gwale-guh*  
*Speak Irish.*
- Dún an doras. *Doon un dur-us*

*Close the door.*

- Oscail an doras. *Us-kill un dur-us*  
*Open the door.*
- Croch suas do chóta. *Kruk sue-us duh co-ta*  
*Hang up your coat.*
- Múch an teilifís. *Mook un sul-us*  
*Turn off the television*
- Bí go deas le do dheartháir/dheirfiúr. *Be guh dass leh duh gar-ha-re/gur-foor*  
*Be nice to your brother/ sister*
- Bí ciúin. – *be queue-in*  
*Be quiet*
- Tá sé in am dul abhaile. *Taw shay in ow-m dull a-wal-ye*  
*It's time to go home.*
- Dia duit. *Dee-a gwit*  
*Hello*
- Dia's Muire duit. *Dee-a iss mw-ir-a gwit*  
*Hello (when replying)*
- Lá breithe sona duit. *Law breh-ha son-a dit*  
*Happy Birthday.*
- Tóg go bog é. *Toe-guh bug ay*  
*Take is easy.*
- Tabhair aire. *Toor ah-re*  
*Take care.*

Bileog Eolais do Thuismitheoirí Information Booklet for Parents 2023 / 2024